AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.7.2020
COM(2020) 323 final

2020/0145 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas (códú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. I gcomhthéacs Eoraip na ndaoine, cuireann an Coimisiún an-bhéim ar shimpliú agus ar shoiléiriú dhlí an Aontais ionas go mbeidh sé níos soiléire agus níos so-aimsithe do na saoránaigh agus, dá réir sin, go gcruthófar deiseanna nua dóibh agus seans chun úsáid a bhaint as na cearta sonracha a bhronntar orthu.

   Ní féidir an aidhm seo a bhaint amach fad is atá líon mór forálacha a leasaíodh roinnt uaireanta, agus leasuithe suntasacha a bheith i gceist go minic, scaipthe anseo agus ansiúd, rud a fhágann go mbíonn gá le cuardach a dhéanamh ar roinnt de na forálacha sin san ionstraim bhunaidh agus ar roinnt eile acu in ionstraimí leasaitheacha níos déanaí. Is gá, dá bhrí sin, mórobair thaighde a dhéanamh, i bhfoirm comparáide idir cuid mhór ionstraimí éagsúla, chun na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a shainaithint.

   Ar an gcúis sin, tá gá freisin le códú a dhéanamh ar rialacha a leasaíodh go minic má tá an dlí le bheith soiléir agus trédhearcach.

2. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, ar an 1 Aibreán 1987[1] treoir a thabhairt dá fhoireann á rá gur cheart gach gníomh a chódú i ndiaidh deich leasú ar a mhéad, agus cuireadh i bhfios dóibh gur bunriachtanas é seo agus gur cheart féachaint le códú a dhéanamh ag eatraimh is giorra ná sin ar na téacsanna a bhfuil siad freagrach astu lena chinntiú go bhfuil na forálacha atá iontu soiléir agus sothuigthe.

3. Dearbhaíodh an méid sin i gConclúidí Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann (Nollaig 1992)[2] agus cuireadh i bhfios an tábhacht a bhaineann le códú mar go dtugann sé cinnteacht faoin dlí is infheidhme maidir le hábhar ar leith tráth ar leith.

   Ní foláir an nós imeachta coitianta a bhaineann le glacadh ghníomhartha an Aontais a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán le linn an códú á dhéanamh.

   Ós rud é nach ceadmhach aon athruithe a dhéanamh ar shubstaint na n-ionstraimí ar a mbeidh tionchar ag an gcódú, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú, i gcomhaontú idirinstitiúideach an 20 Nollaig 1994, go bhféadfaí nós imeachta brostaithe a úsáid chun ionstraimí códúcháin a ghlacadh go mear.

4. Is é is cuspóir don togra seo códú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001[3]. Glacfaidh an Rialachán nua ionad an dá ghníomh a chuimsítear ann[4]; ar an ábhar sin, ní dhéanann sé ach iad a thabhairt le chéile agus gan ach na leasuithe foirmiúla sin amháin a dhéanamh a bhfuil gá leo don phróiseas códúcháin féin.

---

1 COIM (87) 868 Miontuairiscí.
2 Féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cuid A de na Conclúidí.
3 Códú a cuireadh ar chlár reachtaíochta 2020.
4 Féach Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra seo.

5. Rinneadh an togra códúcháin a tharraingt suas ar bhonn réamh-chomhdhlúthú, in 24 theanga oifigiúla, ar Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 agus ar na hionstraimí lena leasaítear é. Is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a rinne an comhdhlúthú sin trí chóras próiseála sonraí. I gcás uimhreacha nua a bheith tugtha do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir an tseanuimhir agus an uimhir nua i dtábla atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán códaithe.

↓ 924/2009 (oiriúnaithe)

2020/0145 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le híocaíochtaí trasteorann san ⌦ Aontas ⌫ (códú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal ⌦ 114(1) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[5],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[6],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

↓

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[8]. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.

↓ 924/2009 aithris 1 (oiriúnaithe)

~~(2)~~ D'fhonn feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chinntiú agus chun trádáil trasteorann laistigh den ⌦ Aontas ⌫ a éascú, tá sé riachtanach go bhfuil na muirir ar íocaíochtaí trasteorann in euro agus na muirir ar íocaíochtaí comhfhreagracha laistigh de Bhallstát mar an gcéanna.

[5] IO C […], […], lch. […].

[6] IO C […], […], lch. […].

[7] Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 (IO L 266, 9.10.2009, lch. 11).

[8] Féach Iarscríbhinn I.

↓ 924/2009 aithris 5 (oiriúnaithe)

(3) Maidir le hionstraimí íocaíochta atá, go príomha nó go heisiatach, páipéar-bhunaithe, níl sé inmholta prionsabal chomhionannas na muirear a chur i bhfeidhm, ós rud é nach féidir, mar gheall ar na cineálacha íocaíochtaí atá i gceist, iad a phróiseáil ar bhealach chomh héifeachtúil céanna le híocaíochtaí leictreonacha.

↓ 924/2009 aithris 6 (oiriúnaithe)

(4) Ba cheart go mbeadh feidhm ag prionsabal chomhionannas na muirear maidir le híocaíochtaí a tionscnaíodh nó a foirceannadh ar pháipéar nó in airgead a phróiseáiltear go leictreonach le linn an tslabhra fhorghníomhaithe íocaíochta, seachas seiceanna agus maidir leis na muirir go léir atá nasctha go díreach nó go hindíreach le hidirbheart íocaíochta, lena n-áirítear muirir atá nasctha go díreach le conradh. Áirítear le muirir indíreacha, muirir as ordú buan íocaíochta a shocrú, nó táillí as cárta íocaíochta, nó cárta dochair nó cárta creidmheasa, ar mar a chéile ar cheart dó a bheith d'idirbhearta íocaíochtaí náisiúnta agus trasteorann laistigh den ⌦ Aontas ⌫.

↓ 924/2009 aithris 7

(5) Chun ilroinnt na margaí íocaíochta a chosc, is iomchuí prionsabal chomhionannas na muirear a chur i bhfeidhm. Chun na críche sin, ba cheart íocaíocht náisiúnta, atá beagnach nó go hiomlán mar an gcéanna leis an íocaíocht trasteorann, a shainaithint do gach cineál íocaíochta trasteorann. Is féidir, inter alia, na critéir seo a leanas a úsáid, mar shampla, chun an íocaíocht náisiúnta a fhreagraíonn d'íocaíocht trasteorann a aithint: an cainéal a úsáidtear chun an íocaíocht a thionscnamh, a dhéanamh nó a fhoirceannadh, an méid uathoibrithe, aon ráthaíocht íocaíochta, stádas custaiméara agus an caidreamh leis an soláthraí seirbhíse íocaíochta, nó an ionstraim íocaíochta a úsáidtear, faoi mar a shainmhínitear i bpointe (14) d'Airteagal 4) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] í. Níor cheart go mbreathnófaí ar na critéir seo mar chritéir uileghabhálacha.

↓ 924/2009 aithris 8 (oiriúnaithe)

(6) Ba cheart do na húdaráis inniúla treoirlínte a eisiúint chun íocaíochtaí comhfhreagracha a aithint nuair a mheasann siad go bhfuil sé riachtanach. Ba cheart don Choimisiún, agus cuidiú á fháil aige, i gcás inarb iomchuí, ón gCoiste um Íocaíochtaí ⌦ arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 85(1) de Threoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] ⌫, treoir leordhóthanach a chur ar fáil agus cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla.

[9] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

[10] Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoir 97/7/CE, Treoir 2002/65/CE, Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE (IO L 319, 5.12.2007, lch. 1).

↓ 2019/518 aithris 4 (oiriúnaithe)

(7) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a éascú agus chun éagothromaíochtaí ⌦ a sheachaint ⌫ idir úsáideoirí seirbhísí íocaíochta sa limistéar euro agus iad sin sna Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro maidir le híocaíochtaí trasteorann in euro, is gá a áirithiú go mbeidh muirir ar íocaíochtaí trasteorann in euro laistigh den Aontas i gcomhréir le muirir ar íocaíochtaí comhfhreagracha náisiúnta a dhéantar in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an úsáideora seirbhíse íocaíochta lonnaithe. Meastar soláthraí seirbhísí íocaíochta a bheith lonnaithe sa Bhallstát ina bhfuil sé ag soláthar a sheirbhísí don úsáideoir seirbhísí íocaíochta.

↓ 2019/518 aithris 5 (oiriúnaithe)

(8) Tá muirir comhshó airgeadra ina gcostas suntasach d'íocaíochtaí trasteorann i gcás nach ionann an t-airgeadra atá in úsáid i mBallstát an íocóra agus i mBallstát an íocaí. Ceanglaítear faoi Airteagal 45 de Threoir (AE) 2015/2366 go mbeadh na muirir agus na rátaí malairte a úsáidtear trédhearcach, sonraítear in Airteagal 52(3) den Treoir sin na ceanglais faisnéise i ndáil le hidirbhearta íocaíochta atá cumhdaithe ag creatchonradh agus cumhdaítear in Airteagal 59(2) den Treoir sin na ceanglais faisnéise atá ar pháirtithe a thairgeann seirbhísí comhshó airgeadra ag uathmheaisín bainc (UMB) nó ag an díolphointe. Is gá bearta breise a ⌦ leagan síos ⌫ chun go gcosnófar tomhaltóirí ar mhuirir iomarcacha ar sheirbhísí comhshó airgeadra, agus chun a áirithiú go dtabharfar do thomhaltóirí an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun an rogha comhshó airgeadra is fearr a dhéanamh.

↓ 2019/518 aithris 6 (oiriúnaithe)

(9) Ba cheart go mbeadh na bearta ⌦ sin ⌫ina mbearta iomchuí, leordhóthanacha agus costéifeachtacha. Ag an am céanna, i gcásanna ina bhfuil ar an íocóir roghnú idir roghanna éagsúla comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe, ba cheart go gcuirfeadh an fhaisnéis a sholáthraítear ar chumas an íocóra comparáid a dhéanamh, ionas go bhféadfadh sé nó sí rogha eolach a dhéanamh.

↓ 2019/518 aithris 7

(10) Chun inchomparáideacht a bhaint amach, ba cheart na muirir comhshó airgeadra ar na híocaíochtaí cártabhunaithe go léir a shloinneadh ar an mbealach céanna, eadhon mar chéatadáin marcála suas os cionn na rátaí tagartha malairte eachtraí euro is déanaí atá ar fáil, arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). D'fhéadfadh gur ghá marcáil suas a bhunú ar ráta atá díorthaithe ó dhá ráta BCE i gcás ina bhfuil comhshó á dhéanamh idir dhá airgeadra nach euro iad.

↓ 2019/518 aithris 8 (oiriúnaithe)

(11) I gcomhréir leis na ceanglais faisnéise ghinearálta maidir le comhshó airgeadra a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/2366, ní mór do sholáthraithe seirbhísí comhshó airgeadra an fhaisnéis a nochtadh maidir lena muirir comhshó airgeadra sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta. I gcás páirtithe a thairgeann seirbhísí comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe, ba cheart dóibh faisnéis maidir lena muirir ar

na seirbhísí sin a sholáthar ar bhealach soiléir agus inrochtana, mar shampla trína muirir a chur ar taispeáint ag an gcuntar nó go digiteach ar an teirminéal, nó ar an scáileán i gcás ceannacháin ar líne. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366, ba cheart go gcuirfeadh na páirtithe sin freisin, sula gcuirtear tús le hidirbheart, faisnéis shainráite ar fáil maidir leis an méid atá le híoc leis an íocaí san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí agus an méid iomlán atá le híoc ag an íocóir in airgeadra chuntas an íocóra. Ba cheart go sonrófaí sa mhéid atá le híoc san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí praghas na n-earraí ⌦ nó ⌫na seirbhísí atá le ceannach agus d'fhéadfaí é sin a thaispeáint ag an tseiceáil amach seachas ar an teirminéal íocaíochta. De ghnáth is é an t-airgeadra áitiúil an t-airgeadra a bhíonn in úsáid ag an íocaí ach, i gcomhréir le prionsabal na saoirse conarthaí, d'fhéadfadh i roinnt cásanna gur airgeadra eile Aontais a bheadh i gceist. Ba cheart go mbeadh an méid iomlán atá le híoc ag an íocóir in airgeadra chuntas an íocóra déanta suas de phraghas na n-earraí nó na seirbhísí agus na muirir comhshó airgeadra. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfaí an dá mhéid a dhoiciméadú ar admháil nó ar mheán marthanach eile.

↓ 2019/518 aithris 9

(12) I ndáil le hAirteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366, i gcás ina ndéantar seirbhís comhshó airgeadra a thairiscint ag UMB nó ag an díolphointe, ba cheart go mbeadh sé indéanta don íocóir an tseirbhís sin a dhiúltú agus íoc san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí ina ionad sin.

↓ 2019/518 aithris 10

(13) Chun a chur ar chumas íocóirí comparáid a dhéanamh idir muirir a ghabhann leis na roghanna éagsúla comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe, ní hamháin gur cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta na n-íocóirí faisnéis atá go hiomlán inchomparáide a sholáthar maidir leis na muirir is infheidhme don chomhshó airgeadra i dtéarma agus coinníollacha a gcreatchonartha, ach ba cheart go ndéanfaidís freisin an fhaisnéis sin poiblí ar ardán leictreonach atá ar fáil go forleathan agus a bhfuil rochtain éasca orthu, go háirithe ar a suíomh gréasáin do chustaiméirí, ar a suíomh gréasáin baincéireachta baile agus ar a bhfeidhmchláir baincéireachta soghluaiste, ar bhealach atá éasca le tuiscint agus inrochtana. D'fhreastalódh sé sin ar fhorbairt suíomhanna gréasáin comparáide ionas go mbeadh sé níos éasca do thomhaltóirí praghsanna a chur i gcomparáid le chéile agus iad ag taisteal nó ag siopadóireacht thar lear. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfeadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta na n-íocóirí i gcuimhne d'íocóirí na muirir comhshó airgeadra is infheidhme nuair a dhéanann siad íocaíocht chártabhunaithe in airgeadra eile, trí úsáid a bhaint as bealaí cumarsáide leictreonacha atá ar fáil go forleathan agus a bhfuil rochtain éasca orthu, amhail teachtaireachtaí SMS, ríomhphoist nó brúfhógraí trí aip baincéireachta soghluaiste an íocóra. Ba cheart go dtiocfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar chomhaontú le húsáideoirí seirbhísí íocaíochta maidir leis an mbealach cumarsáide leictreonaí trína soláthróidh siad an fhaisnéis maidir le muirir comhshó airgeadra, ag cur san áireamh an bealach is éifeachtaí chun teacht ar an íocóir. Chomh maith leis sin, ba cheart go nglacfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta freisin le hiarrataí ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta diúltú do theachtaireachtaí leictreonacha a fháil, ar teachtaireachtaí iad ina bhfuil faisnéis faoi mhuirir comhshó airgeadra.

↓ 2019/518 aithris 11 (oiriúnaithe)

(14) Is iomchuí meabhrúcháin thréimhsiúla a úsáid i gcásanna ina bhfuil an t-íocóir ag fanacht thar lear ar feadh tréimhse fhada, mar shampla i gcás ina bhfuil an t-íocóir ar postú nó ag staidéar thar lear, nó i gcás ina n-úsáideann an t-íocóir cárta do cheannacháin ar líne san airgeadra áitiúil. D'áiritheofaí le hoibleagáid maidir le meabhrúcháin den sórt sin a sholáthar go mbeadh an t-íocóir ar an eolas agus é ag meas na roghanna éagsúla comhshó airgeadra.

↓ 924/2009 aithris 9 (oiriúnaithe)

(15) Tá sé tábhachtach go n-éascófaí do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta íocaíochtaí trasteorann a dhéanamh. I dtaca leis sin, ba cheart caighdeánú a chur chun cinn, go háirithe, maidir le húsáid ⌦ an aitheantóra uimhreach cuntais íocaíochta idirnáisiúnta ⌫ (IBAN) agus an chóid aitheantóra ⌦ gnó ⌫ (BIC). Is iomchuí mar sin faisnéis leordhóthanach maidir leis an IBAN agus an BIC don chuntas i dtrácht a sholáthar d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta.

↓ 924/2009 aithris 10 (oiriúnaithe)

(16) D'fhonn soláthar leanúnach, tráthúil agus éifeachtúil staidrimh chomhardú na n-íocaíochtaí ⌦ faoi chreat Limistéir Aonair Íocaíochtaí Euro (SEPA) ⌫ a ráthú, tá sé inmhianaithe a áirithiú maidir le sonraí íocaíochtaí atá ar fáil go réidh, amhail IBAN, BIC, méid an idirbhirt nó sonraí bunúsacha comhiomlánaithe maidir le híocaíochtaí a bhaineann le hionstraimí íocaíochta éagsúla, go bhféadfaí fós iad a bhailiú, más rud é nach gcuireann an próiseas bailiúcháin isteach ar phróiseáil íocaíochtaí uathoibhríoch agus go bhféadfaí an próiseas bailiúcháin a uathoibriú go hiomlán. Níl aon tionchar ag an Rialachán seo ar oibleagáidí tuairiscithe chun críocha beartais eile, amhail sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, ná chun críocha fioscacha.

↓ 924/2009 aithris 14

(17) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht d'údaráis inniúla a ndualgais faireacháin a chomhlíonadh go héifeachtúil agus na bearta uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonann na soláthraithe seirbhísí íocaíochta forálacha an Rialacháin seo.

↓ 924/2009 aithris 15 (oiriúnaithe)

(18) Chun a áirithiú gur féidir sásamh a fháil nuair a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm go mícheart, ba cheart do na Ballstáit ⌦ foráil a dhéanamh do ⌫ nósanna imeachta do ghearán nó achomhairc leordhóthanach agus éifeachtach chun díospóidí idir úsáideoir na seirbhíse íocaíochta agus soláthraí na seirbhíse íocaíochta a réiteach. Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar údaráis inniúla agus comhlachtaí um shásamh agus gearán lasmuigh den chúirt a cheapadh.

↓ 924/2009 aithris 16 (oiriúnaithe)

(19) Tá sé riachtanach a áirithiú go gcomhoibríonn údaráis inniúla agus comhlachtaí um shásamh lasmuigh den chúirt, ⌦ laistigh den Aontas ⌫, ar shlí ghníomhach chun go

réiteofar díospóidí trasteorann faoin Rialachán seo go rianúil agus go tráthúil. Ba cheart go mbeadh sé indéanta go ndéanfaí comhoibriú den chineál sin trí fhaisnéis a mhalartú i ndáil leis an dlí nó an cleachtas dlíthiúil ina ndlínse féin nó trí nósanna imeachta gearáin nó sásaimh a aistriú nó a ghlacadh más iomchuí.

↓ 924/2009 aithris 17

(20) Ní mór do na Ballstáit pionóis atá éifeachtach, chomhréireach agus athchomhairleach a leagan síos sa dlí náisiúnta in aghaidh neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo.

↓ 924/2009 aithris 18 (oiriúnaithe)

~~(21)~~ Bheadh sochair shoiléire ag baint le leathnú an Rialacháin seo go hairgeadraí seachas an euro, go háirithe maidir le líon na n-íocaíochtaí a chumhdófar. Dá bhrí sin, ionas go bhféadfadh Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu feidhmiú an Rialacháin seo a leathnú go híocaíochtaí trasteorann arna n-ainmniú ina n-airgeadra náisiúnta, ba cheart ⌦ foráil a dhéanamh do ⌫ nós imeachta fógartha.

↓ 2019/518 aithris 12

(22) Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, BCE agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm na rialach lena gcothromaítear costas na n-íocaíochtaí trasteorann in euro le costas na n-idirbheart náisiúnta in airgeadraí náisiúnta agus maidir le héifeachtacht na gceanglas faisnéise ar chomhshó airgeadra a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún anailís ar fhéidearthachtaí breise freisin — agus ar indéantacht theicniúil na bhféidearthachtaí sin — chun síneadh a chur leis an riail maidir le muirir chothroma ionas go gcuimseofaí gach airgeadra Aontais agus feabhas breise a chur ar thrédhearcacht agus inchomparáideacht na muirear comhshó airgeadra, chomh maith leis na páirtithe a bheith in ann cumasú agus díchumasú a dhéanamh ar an rogha glacadh le comhshó airgeadra seachas an rogha a chuireann soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra ar fáil.

↓ 924/2009 aithris 22 (oiriúnaithe)

(23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí an ghnímh, iad a bhaint amach ar leibhéal an ⌦ Aontais ⌫, féadfaidh an ⌦ tAontas ⌫ bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ⌦ ar an Aontas Eorpach ⌫ é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, faoi mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

↓ 924/2009

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

↓ 2019/518 Airteagal 1.1(a)

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir le híocaíochtaí trasteorann agus maidir le trédhearcacht na muirear comhshó airgeadra laistigh den Aontas.

↓ 924/2009 (oiriúnaithe)

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le híocaíochtaí trasteorann, i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2015/2366, atá ainmnithe in euro nó in airgeadra náisiúnta na mBallstát a bhfuil fógra tugtha acu maidir lena gcinneadh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leathnú go dtí a n-airgeadra féin, i gcomhréir le hAirteagal 13.

↓ 2019/518 Airteagal 1.1(b)

D'ainneoin na chéad fhomhíre den mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 agus Airteagal 5 maidir le híocaíochtaí náisiúnta agus trasteorann atá ainmnithe in euro nó in airgeadra náisiúnta de chuid Ballstáit seachas an euro agus a dhéantar le seirbhís comhshó airgeadra.

↓ 924/2009 (oiriúnaithe)

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le híocaíochtaí a dhéanann soláthraithe seirbhíse íocaíochta dá gcuntas féin nó thar ceann soláthraithe eile seirbhíse íocaíochta.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘íocaíocht trasteorann’ idirbheart íocaíochta a phróiseáiltear go leictreonach a thionscnaíonn íocóir nó íocaí nó a thionscnaítear trí íocaí i gcás ina bhfuil soláthraithe seirbhíse íocaíochta an íocóra agus soláthraithe seirbhíse íocaíochta an íocaí lonnaithe i mBallstáit dhifriúla.

(2) ciallaíonn ‘íocaíocht náisiúnta’ idirbheart íocaíochta a phróiseáiltear go leictreonach a thionscnaíonn íocóir nó íocaí nó a thionscnaítear trí íocaí i gcás ina bhfuil soláthraithe seirbhíse íocaíochta an íocóra agus soláthraithe seirbhíse íocaíochta an íocaí lonnaithe sa Bhallstát céanna.

(3) ciallaíonn ‘íocóir’ duine nádúrtha nó duine dlítheanach ag a bhfuil cuntas íocaíochta agus a cheadaíonn ordú íocaíochta ón gcuntas íocaíochta sin, nó, i gcás nach bhfuil cuntas íocaíochta ann, duine nádúrtha nó duine dlítheanach a thugann ordú íocaíochta.

(4) ciallaíonn ‘íocaí’ duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá ceaptha mar fhaighteoir cistí lenar bhain idirbheart íocaíochta.

(5) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse íocaíochta’ aon cheann de chatagóirí de ⌦ dhaoine ⌫ dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Threoir (AE) 2015/2366 agus na daoine nádúrtha nó na daoine dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 32 den Treoir sin, ach déanann sé na hinstitiúidí sin a eisiamh atá liostaithe i bpointe (4) go pointe (23) d’Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] a thairbhíonn de tharscaoileadh Ballstáit arna fheidhmiú faoi Airteagal 2(5) de Threoir (AE) 2015/2366.

(6) ciallaíonn ‘úsáideoir seirbhíse íocaíochta’ duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhaineann úsáid as seirbhís íocaíochta mar íocóir nó mar íocaí, nó sa dá cháil.

(7) ciallaíonn ‘idirbheart íocaíochta’ gníomh, arna thionscnamh ag íocóir nó ag íocaí nó trí íocaí, lena gcuirtear, lena n-aistrítear nó lena n-aistarraingítear cistí, is cuma faoi aon bhunoibleagáidí idir an t-íocóir agus an t-íocaí.

(8) ciallaíonn ‘ordú íocaíochta’ treoir a thugann íocóir nó íocaí dá sholáthraí seirbhíse íocaíochta ag iarraidh go ndéanfar idirbheart íocaíochta.

↓ 2019/518 Aireagalt 1.2

(9) ciallaíonn ‘muirear’ aon mhéid a thoibhíonn soláthraí seirbhísí íocaíochta ar úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar méid é atá nasctha go díreach nó go hindíreach le hidirbhearta íocaíochta, aon mhéid a thoibhíonn soláthraí seirbhísí íocaíochta nó páirtí a sholáthraíonn seirbhísí comhshó airgeadra i gcomhréir le hAirteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366 ar úsáideoir seirbhísí íocaíochta le haghaidh seirbhís comhshó airgeadra, nó teaglaim díobh sin.

↓ 260/2012 Airteagal 17.1

(10) ciallaíonn ‘cistí’ nótaí bainc agus monaí, airgead scríbhinne agus airgead leictreonach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

↓ 924/2009

(11) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ duine dlítheanach atá ag gníomhú chun críocha eile seachas a cheird nó a ceird, a ghnó nó a gnó nó a ghairm nó a gairm.

(12) ciallaíonn ‘micreaghnóthas’ gnóthas ar gnóthas é tráth an chonartha seirbhíse íocaíochta a thabhairt chun críche, faoi mar atá sainmhínithe in Airteagal 1 agus in

---

[11] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

[12] Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh, leanúint den ghnó sin agus, agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

Airteagal 2(1) agus (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiúin[13].

(13) ciallaíonn ‘táille idirmhalartaithe’ táille a íoctar idir soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra agus soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí do gach idirbheart dochair dhírigh.

(14) ciallaíonn ‘dochar díreach’ seirbhís íocaíochta ina gcuirtear cuntas íocaíochta íocóra do dhochar, i gcás ina dtionscnaíonn an t-íocaí idirbheart íocaíochta ar bhonn chomhthoil an íocóra, comhthoil do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta an íocaí nó do sholáthraí seirbhíse íocaíochta féin an íocóra.

(15) ciallaíonn ‘scéim dochair dhírigh’ sraith choiteann rialacha, cleachtas agus caighdeán arna n-aontú idir na soláthraithe seirbhíse íocaíochta maidir le hidirbhearta dochair dhírigh a fhorghníomhú.

Airteagal 3

Muirir ar íocaíochtaí trasteorann agus íocaíochtaí náisiúnta comhfhreagracha

🡻 2019/518 Airteagal 1.3(a)

1. Na muirir a thoibheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta ar úsáideoir seirbhísí íocaíochta maidir le híocaíochtaí trasteorann in euro, beidh siad mar an gcéanna leis na muirir a thoibheoidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta sin le haghaidh íocaíochtaí náisiúnta comhfhreagracha den luach céanna in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an úsáideora seirbhíse íocaíochta lonnaithe.

🡻 2019/518 Aireagalt 1.3(b)

2. Na muirir a thoibheoidh soláthraí seirbhíse íocaíochta ar úsáideoir seirbhísí íocaíochta maidir le híocaíochtaí trasteorann san airgeadra náisiúnta de chuid Ballstáit a thug fógra faoin gcinneadh uaidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leathnú chuig a airgeadra náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 13 beidh siad mar an gcéanna leis na muirir a thoibheoidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta sin ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta maidir le híocaíochtaí náisiúnta comhfhreagracha den luach céanna agus san airgeadra céanna.

🡻 924/2009

3. Agus measúnú á dhéanamh ag soláthraí seirbhíse íocaíochta ar leibhéal na muirear ar íocaíocht trasteorann déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaíocht náisiúnta chomhfhreagrach a aithint.

Eiseoidh na húdaráis inniúla treoirlínte chun íocaíochtaí comhfhreagracha a aithint nuair a mheasann siad go bhfuil sé riachtanach. Comhoibreoidh údaráis inniúla na mBallstát go gníomhach laistigh den Choiste um Íocaíochta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 85(1) de Threoir 2007/64/CE chun comhsheasmhacht treoirlínte maidir le híocaíochtaí comhfhreagracha náisiúnta a áirithiú.

[13] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

↓ 2019/518 Aireagalt 1.3(d)

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 ar mhuirir comhshó airgeadra.

↓ 2019/518 Airteagal 1.4

Airteagal 4

Muirir comhshó airgeadra a bhaineann le hidirbhearta cártabhunaithe

1. I ndáil leis na ceanglais faisnéise maidir le muirir comhshó airgeadra agus leis an ráta malairte is infheidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 45(1), Airteagal 52(3) agus Airteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366, déanfaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta, agus páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí comhshó airgeadra ag uathmheaisín bainc (UMB) nó ag an díolphointe, amhail dá dtagraítear in Airteagal 59(2) den Treoir sin, na muirir iomlána comhshó airgeadra a shloinneadh mar chéatadán marcála suas os cionn na rátaí tagartha malairte eachtraí euro is déanaí atá ar fáil arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Déanfar an mharcáil suas sin a nochtadh don íocóir sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta.

2. Déanfaidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta an mharcáil suas dá dtagraítear i mír 1 poiblí freisin ar bhealach intuigthe a bhfuil sé éasca rochtain a fháil air ar ardán leictreonach atá ar fáil go forleathan agus inrochtana go héasca.

3. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh páirtí a sholáthraíonn seirbhís comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don íocóir sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta:

(a) an méid atá le híoc leis an íocaí san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí;

(b) an méid atá le híoc ag an íocóir in airgeadra chuntas an íocóra.

4. Déanfaidh páirtí a sholáthraíonn seirbhísí comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar taispeáint go soiléir ag an UMB nó ag an díolphointe. Sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta, cuirfidh an páirtí sin an t-íocóir ar an eolas freisin go bhfuil an fhéidearthacht ann íoc san airgeadra a úsáideann an t-íocaí agus go bhféadfadh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra an comhshó airgeadra a dhéanamh ina dhiaidh sin. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3 a chur ar fáil gan mhoill don íocóir ar mheán marthanach tar éis thús an idirbhirt íocaíochta freisin.

5. Maidir le gach cárta íocaíochta a d'eisigh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra chuig an íocóir agus atá nasctha leis an gcuntas céanna, seolfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra teachtaireacht leictreonach chuig an íocóir ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 gan mhoill mhíchuí tar éis do sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra ordú íocaíochta a fháil le haghaidh aistarraingt airgid ag UMB nó le haghaidh íocaíocht ag an díolphointe atá ainmnithe in aon airgeadra Aontais atá éagsúil ó airgeadra chuntas an íocóra.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, seolfar teachtaireacht den sórt sin uair amháin i ngach mí ina bhfaigheann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra ordú íocaíochta ón íocóir atá ainmnithe san airgeadra céanna.

6. Tiocfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta ar chomhaontú leis an úsáideoir seirbhísí íocaíochta maidir leis an mbealach nó na bealaí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go

forleathan agus atá inrochtana go héasca trína ndéanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an teachtaireacht dá dtagraítear i mír 5 a sheoladh.

Déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an fhéidearthacht a thairiscint d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta diúltú do theachtaireachtaí leictreonacha a fháil, ar teachtaireachtaí iad dá dtagraítear i mír 5.

Féadfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta agus an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta teacht ar chomhaontú nach bhfuil feidhm ag mír 5 ná ag an mír seo go hiomlán nó go páirteach i gcás nach tomhaltóir é an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta.

7. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar saor in aisce agus ar bhealach neodrach agus intuigthe.

↓ 2019/518 Airteagal 1.5

Airteagal 5

Muirir comhshó airgeadra a bhaineann le haistrithe creidmheasa

1. I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra seirbhís comhshó airgeadra a thairiscint i ndáil le haistriú creidmheasa, mar a shainmhínítear i bpointe (24) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2015/2366, a gcuirtear tús leis go díreach ar líne, ag úsáid shuíomh gréasáin nó feidhmchlár baincéireachta móibílí an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta, déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta, i dtaca le hAirteagal 45(1) agus Airteagal 52(3) den Treoir sin, an t-íocóir a chur ar an eolas sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta, ar bhealach soiléir, neodrach agus intuigthe, maidir leis na muirir mheasta ar na seirbhísí comhshó airgeadra is infheidhme i leith an aistrithe creidmheasa.

2. Sula gcuirfear tús le hidirbheart íocaíochta, déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an t-íocóir a chur ar an eolas, ar bhealach soiléir, neodrach agus intuigthe, faoi mhéid mheasta iomlán an aistrithe creidmheasa in airgeadra chuntas an íocóra, lena n-áirítear aon táille idirbhirt agus aon mhuirir comhshó airgeadra. Tabharfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta eolas freisin faoin méid measta atá le haistriú leis an íocaí san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí.

↓ 924/2009 (oiriúnaithe)

Airteagal 6

Bearta chun uathoibriú íocaíochtaí a éascú

1. Déanfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta, i gcás inarb infheidhme, ⌦ aitheantóir uimhreach cuntais íocaíochta idirnáisiúnta ⌫ (IBAN) úsáideoir na seirbhíse íocaíochta agus ⌦ cód aitheantóra gnó ⌫ (BIC) an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta a chur in iúl d'úsáideoir na seirbhíse íocaíochta.

Ina theannta sin, i gcás inarb infheidhme, léireoidh soláthraí seirbhíse íocaíochta IBAN úsáideoir na seirbhíse íocaíochta agus BIC an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta ar ráitis chuntais, nó in iarscríbhinn a ghabhann leo.

Cuirfidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an fhaisnéis a cheanglaítear faoin mír seo ar fáil saor in aisce d'úsáideoir na seirbhíse íocaíochta.

↓ 260/2012 Airteagal 17.3(b)

2. Féadfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta muirir a thobhach sa bhreis ar na muirir a toibhíodh i gcomhréir le hAirteagal 3(1) maidir le húsáideoir na seirbhíse íocaíochta i gcás ina dtreoraíonn an t-úsáideoir sin don soláthraí seirbhíse íocaíochta íocaíocht trasteorann a dhéanamh gan an IBAN a chur in iúl agus i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], an BIC gaolmhar le haghaidh an chuntais íocaíochta sa Bhallstát eile. Beidh na muirir sin iomchuí agus i gcomhréir leis na costais. Beidh siad aontaithe idir an soláthraí seirbhíse íocaíochta agus úsáideoir na seirbhíse íocaíochta. Cuirfidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta úsáideoir na seirbhíse íocaíochta ar an eolas maidir le méid na muirear breise in am agus i dtráth sula mbeidh úsáideoir na seirbhíse íocaíochta faoi cheangal ag comhaontú den chineál sin.

↓ 924/2009 (oiriúnaithe)

3. I gcás inarb iomchuí, maidir leis an gcineál idirbhirt íocaíochta atá i gceist, le haghaidh sonraisciú earraí agus seirbhísí san ⌦ Aontas ⌫, cuirfidh soláthróir earraí agus seirbhísí a ghlacann le híocaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a IBAN féin agus BIC a sholáthraí seirbhíse íocaíochta in iúl dá chustaiméirí.

Airteagal 7

Oibleagáidí tuairiscithe maidir le comhardú na n-íocaíochtaí

↓ 260/2012 Airteagal 17.4 (oiriúnaithe)

1. ⌦ Ní dhéanfaidh na Ballstáit foráil maidir le ⌫ hoibleagáidí tuairiscthe náisiúnta atá bunaithe ar shocraíocht agus a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta i gcomhair staidrimh maidir le comhardú na n-íocaíochtaí a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta a gcustaiméirí.

↓ 924/2009 (oiriúnaithe)

2. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh Ballstáit sonraí comhiomlánaithe a bhailiú nó faisnéis ábhartha eile atá ar fáil go héasca, ar choinníoll nach mbeidh aon tionchar ag an mbailiúchán sin ar phróiseáil dhíreach íocaíochtaí agus gur féidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta é a uathoibriú go hiomlán.

Airteagal 8

Na hÚdaráis inniúla

Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

[14] Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus ghnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22).

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon athrú i dtaobh na n-údarás ⌦ inniúil ar tugadh fógra dóibh i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ⌫.

Iarrfaidh na Ballstáit ar na húdaráis inniúla faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo agus gach beart is gá a ghlacadh chun an comhlíonadh sin a áirithiú.

Airteagal 9

Nósanna imeachta gearáin do sháruithe líomhnaithe ar an Rialachán seo

1. Déanfaidh na Ballstáit ⌦ foráil maidir le ⌫ nósanna imeachta chun go bhféadfaidh úsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus páirtithe leasmhara eile gearáin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil maidir le cásanna ina gcuirfear i leith soláthraithe seirbhísí íocaíochta gur sháraigh siad an Rialachán seo.

2. I gcás inarb iomchuí agus gan dochar don cheart chun imeachtaí a thabhairt os comhair cúirte i gcomhréir le dlí náisiúnta nós imeachta, cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl don pháirtí a chuir an gearán isteach go bhfuil nósanna imeachta ann um ghearán agus sásamh a fháil lasmuigh den chúirt ⌦ dá bhforáiltear ⌫ i gcomhréir le hAirteagal 10.

Airteagal 10

Nósanna imeachta ghearán agus sásamh lasmuigh den chúirt

1. ⌦ Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le ⌫nósanna imeachta leordhóthanacha agus éifeachtacha i dtaca le gearán agus sásamh lasmuigh den chúirt chun díospóidí a bhaineann le cearta agus oibleagáidí a eascraíonn ón Rialachán seo idir úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ⌦ a réiteach ⌫. Chun na críche sin déanfaidh na Ballstáit ⌦ na comhlachtaí inniúla ⌫ a ainmniú.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon athrú i dtaobh na gcomhlachtaí ⌦ ar tugadh fógra dóibh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ⌫.

3. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach bhfuil feidhm ag an Airteagal seo ach amháin i gcás úsáideoirí seirbhíse íocaíochta ar thomhaltóirí nó micreaghnóthais iad. ⌦ Sa chás sin ⌫, cuirfidh Ballstáit an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Airteagal 11

Comhar trasteorann

Comhoibreoidh na húdaráis inniúla agus na comhlachtaí atá freagrach as ⌦ na ⌫nósanna imeachta um ghearán agus sásamh lasmuigh den chúirt sna Ballstáit dhifriúla, dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 10, go gníomhach agus go pras chun díospóidí trasteorann a réiteach. Áiritheoidh na Ballstáit go dtarlóidh an comhar sin.

Airteagal 12

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis ⌦ dá bhforáiltear ⌫ éifeachtach, comhréireach agus

athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún ⌦ gan mhoill ⌫ faoi aon leasú a dhéanfaidh difear do ⌦ na rialacha agus na bearta ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 924/2009. ⌫

Airteagal 13

Cur i bhfeidhm maidir le hairgeadraí eile seachas an euro

Cuirfidh Ballstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige agus a chinneann cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leathnú chuig a airgeadra náisiúnta fógra chuig an gCoimisiún dá réir sin. Foilseofar an fógra sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh éifeacht ag cur i bhfeidhm leathnaithe an Rialacháin seo 14 lá tar éis an fhoilseacháin sin.

🡻 2019/518 Airteagal 1.6 (oiriúnaithe)

Airteagal 14

Athbhreithniú

1. Faoin 19 Aibreán 2022, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, BCE agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ar tuarascáil í ina mbeidh, go háirithe:

(a) meastóireacht ar an gcaoi a gcuireann soláthraithe seirbhíse íocaíochta Airteagal 3 den Rialachán seo i bhfeidhm;

(b) meastóireacht ar fhorbairt líon na n-íocaíochtaí náisiúnta agus trasteorann agus na muirear ar na híocaíochtaí sin in airgeadraí náisiúnta na mBallstát agus in euro ⌦ ón dáta a ⌫ glacadh Rialachán (AE) 2019/518 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] ⌦ , eadhon, an 19 Márta 2019 ⌫;

(c) meastóireacht ar thionchar Airteagal 3 den Rialachán seo maidir le forbairt na muirear comhshó airgeadra agus muirear eile a bhaineann le seirbhísí íocaíochta, d'íocóirí agus d'íocaithe araon;

(d) meastóireacht ar thionchar measta Airteagal 3(1) den Rialachán seo a leasú ionas go gcumhdófaí airgeadraí uile na mBallstát;

(e) meastóireacht ar an gcaoi a ndéanann seirbhísí comhshó airgeadra na ceanglais faisnéise a chur i bhfeidhm a leagtar síos in Airteagal 4 agus Airteagal 5 den Rialachán seo agus sa reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 45(1), Airteagal 52(3) agus Airteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366, agus cibé an bhfuil na rialacha sin tar éis feabhas a chur ar thrédhearcacht na muirear comhshó airgeadra;

(f) meastóireacht ar cibé an raibh ar sheirbhísí comhshó airgeadra aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí le cur i bhfeidhm praiticiúil Airteagal 4 agus Airteagal 5 den Rialachán seo agus na reachtaíochta náisiúnta lena ndéantar Airteagal 45(1), Airteagal 52(3) agus Airteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366 a chur chun feidhme agus, más rud é go raibh orthu, cá mhéad;

---

[15] Rialachán (AE) 2019/518 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 maidir le muirir áirithe ar íocaíochtaí trasteorann san Aontas agus muirir comhshó airgeadra (IO L 91, 29.3.2019, lch. 36).

(g) anailís chostais-tairbhe ar na bealaí agus na teicneolaíochtaí cumarsáide atá in úsáid ag soláthraithe seirbhísí comhshó airgeadra, nó atá ar fáil dóibh, agus ar féidir leo feabhas breise a chur ar thrédhearcacht na muirear comhshó airgeadra, lena n-áirítear meastóireacht ar cibé an bhfuil bealaí áirithe ar cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta iad a thairiscint i gcomhair sheoladh na faisnéise dá dtagraítear in Aireagal 4; ba cheart go n-áireofaí san anailís sin freisin measúnú ar a indéanta atá sé go teicniúil an fhaisnéis ⌦ dá dtagraítear ⌫ in Airteagal 4(1) agus (3) den Rialachán seo a nochtadh go comhuaineach, roimh thús gach idirbhirt, le haghaidh na roghanna comhshó airgeadra go léir atá ar fáil ag an UMB nó ag an díolphointe;

(h) anailís chostais-tairbhe ar thabhairt isteach na féidearthachta le haghaidh íocóirí an rogha a bhlocáil glacadh le comhshó airgeadra a thairgeann páirtí seachas soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra ag UMB nó ag an díolphointe agus a roghanna ina leith sin a athrú;

(i) anailís chostais-tairbhe ar cheanglas a thabhairt isteach ar sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra, go gcuirfidís i bhfeidhm, agus iad ag soláthar seirbhísí comhshó airgeadra a bhaineann le hidirbheart indibhidiúil íocaíochta, an ráta comhshó is infheidhme tráth a chuirtear tús le hidirbheart agus an t-idirbheart á imréiteach agus á ghlanadh.

2. Cumhdóidh an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar a laghad an tréimhse ón 15 Nollaig 2019 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2021. Cuirfidh sé san áireamh sainiúlachtaí na n-idirbheart éagsúil íocaíochta, ag idirdhealú go háirithe idir idirbhearta a tosaíodh ag UMB agus ag an díolphointe.

Agus a thuarascáil á ullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as sonraí arna mbailiú ag Ballstáit i ndáil le mír 1.

↓ 924/2009 (oiriúnaithe)

Airteagal 15

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. ⌦ 924/2009 ⌫.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo ⌦ agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II ⌫.

Airteagal 16

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ⌦ 20 Aibreán 2021 ⌫.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*